2024/2975

29.11.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/2975 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear Rialacháin Tarmligthe (AE) 2021/1698 agus (AE) 2021/2306 a mhéid a bhaineann le táirgí orgánacha ardriosca agus táirgí ardriosca atá á dtiontú a allmhairiú isteach san Aontas

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 46(7), pointe (b)(ii), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos forálacha lena ndéileáiltear le rialuithe ar oibreoirí agus ar ghrúpaí oibreoirí i dtríú tíortha arna ndéanamh ag údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 46(1) de Rialachán (AE) 2018/848 agus bunaítear leis na rialacha maidir le fíorú na gcoinsíneachtaí de tháirgí orgánacha agus de tháirgí atá á dtiontú a bheartaítear a allmhairiú isteach san Aontas agus atá le déanamh ag na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe sin.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos rialacha maidir leis na rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann agus ag pointí scaoilte i saorchúrsaíocht i leith coinsíneachtaí de tháirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a bheartaítear a allmhairiú isteach san Aontas.

(3) Le Rialacháin Tarmligthe (AE) 2021/1698 agus (AE) 2021/2306 araon, leagtar amach rialacha sonracha maidir leis na rialuithe i leith coinsíneachtaí de tháirgí ardriosca a bheartaítear a allmhairiú isteach san Aontas mar tháirgí orgánacha nó mar tháirgí atá á dtiontú.

(4) De bhun Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698, tá táirgí ardriosca de thionscnamh tríú tíortha le liostú i ngníomh cur chun feidhme a glacadh de bhun Airteagal 46(8) de Rialachán (AE) 2018/848 ar bhonn roghnúcháin a dhéantar tar éis cásanna neamhchomhlíontachta atá mór, criticiúil nó atriallach agus lena ndéantar difear do shláine táirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú nó dá dtáirgeadh.

(5) De bhun Airteagal 16(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698, déanfar seiceálacha fisiceacha córasacha agus sampla ionadaíoch amháin ar a laghad le haghaidh gach coinsíneachta de tháirgí orgánacha ardriosca atá le hallmhairiú isteach san Aontas mar chuid de cheanglais rialaithe eile.

(6) Ón taithí a fuarthas maidir le rialuithe ar allmhairiú táirgí isteach san Aontas ó thríú tíortha a bhfuil baint mhór acu le fógraí a d'oscail na Ballstáit i gCóras Faisnéise na Feirmeoireachta Orgánaí (OFIS) mar gheall ar amhras faoi neamhchomhlíonadh reachtaíocht orgánach an Aontais, lena n-áirítear fógraí faoi éilliú le táirgí agus substaintí nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach, is léir gur féidir comhlíonadh na gcoinníollacha agus na mbeart maidir le hallmhairiú táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú isteach san Aontas a áirithiú trí sciar de choinsíneachtaí atá níos lú ná 100 % a chur faoi réir seiceálacha céannachta agus fisiceacha agus sampláil. Má dhéanann údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe i dtríú tíortha agus údaráis inniúla na mBallstát sciartha éagsúla de choinsíneachtaí a chur faoi réir seiceálacha céannachta agus fisiceacha agus sampláil, ní dhéanann sé sin difear d'éifeachtúlacht na rialuithe.

([1]) IO L 150, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/848/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais nós imeachta maidir le húdaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe atá inniúil chun rialuithe a dhéanamh ar oibreoirí agus ar ghrúpaí oibreoirí arna ndeimhniú mar oibreoirí orgánacha a aithint agus ar tháirgí orgánacha i dtríú tíortha agus le rialacha maidir lena maoirseacht agus na rialuithe agus na gníomhaíochtaí eile atá le déanamh ag na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe sin (IO L 336, 23.9.2021, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/1698/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir leis na rialuithe oifigiúla i leith coinsíneachtaí de tháirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a bheartaítear a allmhairiú isteach san Aontas agus maidir leis an deimhniú cigireachta (IO L 461, 27.12.2021, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/2306/oj).

(7) Le laghdú ar sheiceálacha céannachta, fisiceacha agus sampláil ar choinsíneachtaí de tháirgí ardriosca, cheadófaí costais rialaithe níos ísle d'oibreoirí, d'údaráis rialaithe agus do chomhlachtaí rialaithe a oibríonn i dtríú tíortha agus d'údaráis inniúla na mBallstát, rud a d'fhéadfadh tionchar íslitheach a imirt ar phraghsanna do thomhaltóirí deiridh táirgí orgánacha san Aontas chomh maith, mar gur ceann de na príomhbhacainní ar mhéadú a theacht ar an éileamh ar tháirgí orgánacha san Aontas na praghsanna do thomhaltóirí deiridh táirgí orgánacha a mheastar a bheith ard.

(8) Thairis sin, dá laghdófaí seiceálacha céannachta agus fisiceacha agus sampláil ar choinsíneachtaí de tháirgí ardriosca, sheachnófaí laghduithe míchuí ar mhéideanna agus luachanna trádála idir an tríú tír ina dtionscnaítear na táirgí ardriosca agus an tAontas.

(9) Is gá, dá bhrí sin, díriú ar rialú táirgí ardriosca de thionscnamh tríú tíortha áirithe agus foráil a dhéanamh go mbeidh tír thionscnaimh na dtáirgí sin sa liosta táirgí ardriosca chomh maith leis an líon seiceálacha céannachta, seiceálacha fisiceacha agus céatadáin samplála is gá le haghaidh choinsíneachtaí na dtáirgí sin.

(10) De bhun Airteagal 6(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306, tá gach coinsíneacht táirgí ardriosca atá le hallmhairiú isteach san Aontas faoi réir seiceálacha céannachta agus fisiceacha córasacha agus sampláil ionadaíoch ag poist rialaithe teorann agus ag pointí scaoilte i saorchúrsaíocht. Chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú maidir le minicíocht na seiceálacha ar choinsíneachtaí de tháirgí orgánacha ardriosca agus táirgí ardriosca atá á dtiontú, ba cheart an ceanglas sin a ailíniú leis an gcur chuige atá le glacadh faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin Tharmligthe (AE) 2021/1698 agus (AE) 2021/2306 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

'*Airteagal 8*

'Liosta de thríú tíortha ardriosca agus de tháirgí ardriosca

Táirgí ardriosca agus na tríú tíortha ina dtionscnaítear iad, déanfar iad a liostú in éineacht leis an sciar de choinsíneachtaí de na táirgí sin atá le cur faoi réir seiceálacha céannachta agus fisiceacha agus sampláil ag údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe i dtríú tíortha, agus ag údaráis inniúla na mBallstát, de réir mar is iomchuí, i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 46(8) de Rialachán (AE) 2018/848 ar bhonn roghnúcháin a dhéantar tar éis neamhchomhlíontachtaí atá mór, criticiúil nó atriallach a dhéanann difear do shláine táirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú nó don táirgeadh.

Féadfaidh na sciartha dá dtagraítear sa chéad fhomhír a bheith níos ísle ná 100 % agus féadfaidh siad a bheith éagsúil, i gcás an táirge chéanna, le haghaidh rialuithe ag údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe i dtríú tíortha agus ag údaráis inniúla na mBallstát.';

(2) sa chéad abairt d'Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (6):

'Maidir le coinsíneachtaí de tháirgí ardriosca dá dtagraítear in Airteagal 8, déanfaidh an t-údarás rialaithe nó an comhlacht rialaithe ábhartha seiceálacha fisiceacha agus tógfaidh sé sampla ionadaíoch amháin ar a laghad i gcomhréir leis an gcéatadán is infheidhme a leagtar síos sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 8.'.

Airteagal 2

Leasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306

Sa chéad abairt d'Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2021/2306, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (2):

'Maidir le coinsíneachtaí de tháirgí ardriosca dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698, seiceálfaidh an t-údarás inniúil dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo an doiciméadacht dá dtagraítear in Airteagal 16(6) den Rialachán sin agus déanfaidh sé seiceálacha céannachta agus fisiceacha agus tógfaidh sé sampla ionadaíoch amháin ar a laghad de choinsíneachtaí i gcomhréir leis an gcéatadán is infheidhme a leagtar síos sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698'.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón dáta a thiocfaidh an gníomh cur chun feidhme a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 46(8) de Rialachán (AE) 2018/848 chun bheith infheidhme.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN